

IS Í SEO DO DHEIS SÚIL A CHAITHEAMH AR A BHFUIL Á CHAILLEADH AGAT

Tabhair cuairt ar Mhúsaem Contae Cheatharlach agus feicfidh tú go mbeidh tuiscint níos doimhne agat agus tú ag dul amach ar an stair ba bhun le Contae Cheatharlach a bheith ina Chontae ar leith agus is cinnte go mbeidh scéalta le hinsint agat féin ina dhiaidh sin.



Má tá tú i ngrúpa/in eagraíocht/ i gcumann stairiúil nó seandálaíochta b'fhéidir go smaoinfeá ar Thuras Treoraithe Saor in Aisce a chur in áirithe (deichniúr (10 +)).

A mhúinteoirí, tá Tráth na gCeist do Scoileanna againn atá spráúil agus saor in aisce. Tuige nach dtabharfadh sibh deis do bhur ndaltaí taitneamh a bhaint as agus freisin roinnt de na déantáin atá sa Mhúsaem a láimhseáil mar chuid den Turas (as Gaeilge freisin).

Tá an Tráth na gCeist do Scoileanna oiriúnach do dhaltaí as scoileanna Béarla freisin.

A theaghlach, bainigí triail as Puzal an Mhúsaem. Ligigí oraibh gur sibh Bleachtairí an Mhúsaem agus réitigí na fadhbanna atá sa leabhar gníomhaíochta.



UAIREANTA OSCAILTE MHÚSAEM CONTAE CHEATHARLACH AGUS OIFIG FÁILTE:



SAORCHEAD ISTEACH

UAIREANTA OSCAILTE: MEITHEAMH - LÚNASA

Luan – Satharn: 10.00am – 5.00pm
Domh. agus Laethanta Saoire Bainc: 2.00pm – 4.30pm

UAIREANTA OSCAILTE: MEÁN FÓMHAIR - BEALTAINE

Luan – Satharn: 10.00am – 4.30pm

- An cead isteach deiridh – leathuair an chloig roimh am dúnta.
- Bealach isteach do Chathaoiríochtaí Rothaí.



@CarlowCountyMus



/Carlow County Museum



<http://carlowcountymuseumblog.wordpress.com/>



GPS: 52.836559, -6.928314

Músaem Contae Cheatharlach,
Sráid an Choláiste,
Ceatharlach,
Co. Cheatharlach,
Poblacht na hÉireann

Teil:
059 9131554

Ríomhphost:
museum@carlowcoco.ie



Suite i lár 'Cheathrú Chultúrtha' Cheatharlach

- CEAD ISTEACH SAOR IN AISCE -

FÉACH A BHFUIL Á CHAILLEADH AGAT

Má tá tuilleadh eolais uait faoin Músaem agus faoi stair agus oidhreacht Chontae Cheatharlach téigh isteach ar www.carlowcountymuseum.ie



CARLOW COUNTY COUNCIL



carlow tourism



Teil: 059 9131554 R: museum@carlowcoco.ie






An phuilpid iontach álainn lámhshnoite ó Ardeaglais Cheatharlach



Ní fhéadfaidh tú an áit a fhágáil gan an phuilpid lámhshnoite a rinneadh sa 19ú céad agus a bhíodh in Ard-Eaglais Cheatharlach a fheiceáil. Cá hiontas í a bheith san áireamh in 'A History of Ireland in 100 Objects' ag The Irish Times, ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ag Acadamh Ríoga na hÉireann.

Ba í Monarcha Siúcra Cheatharlach an chéad chomhpháirtíocht phoiblí - phríobháideach a bunaíodh i stair na tíre seo. Ba í an chéad mhonarcha siúcra in Éirinn í agus an ceann ba mhó. Bhí feachtas láidir ar bun go háitiúil sular osclaíodh í sa bhliain 1926 agus ba í an mhonarcha sin ba mhó a choinnigh beocht sa gheilleagar i gCeatharlach go ceann breis is 80 bliain go dtí gur dúnadh le rírá mór í sa bhliain 2005.

Téigh agus féach ar an gcomhla thógála faoin gcroch, an ceann ceannann céanna a bhíodh ann nuair a chrochtaí daoine go poiblí i bpríosún an bhaile. An gcuirfidh sé croitheadh ort a bheith i do sheasamh faoin gcomhla thógála agus tú ag smaoineamh ar Lucinda Sly, a crochadh sa bhliain 1835 mar gur mharaigh sí a fear céile! Ba ise an bhean dheireanach a crochadh i gCeatharlach.



Faigh amach faoi John Tyndall, an t-eolaí cáiliúil a mhair sa 19ú céad; ba é an chéad duine é a fuair amach faoin iarmhairt cheaptha teasa agus faoin gcúis atá le dath gorm a bheith ar an spéir. Foghlaim faoi Chaoimhín de Barra, mac léinn leighis a cuireadh chun báis in aois 18 mbliana i bPríosún Mhuinseo sa bhliain 1920 as a pháirt i gCogadh na Saoirse in Éirinn. Breathnaigh freisin ar an bpiopa a mbíodh an Captaen Maolra Mac Eochaidh ag baint gaile as. Maraíodh eisean i gCath mínáireach an Little Big Horn.



Is sa taobh thoir theas d'Éirinn atá Ceatharlach agus Contae Ceatharlach suite. Tugann an Músaem deis dúinn trí bhíthin na dtaispeántas a bhíonn ann den am atá caite spléachadh a fháil ar thaiscí seandálaíochta agus stairiúla an chontae.

Tá 'Ceathrú Cultúrtha' sa bhaile agus is ina lár atá an Músaem a bhfuil ceithre ghailearaí ann. Baineann a stair féin le foirgneamh an Mhúsaem chomh maith. Tá sé suite mar a mbíodh Clochar na Toirbhearta tráth agus táthar tar éis síleáil órdhuille agus fuinneoga daite a chur isteach ann arís.

Ná dearmad na taispeántais speisialta a bhíonn ar siúl go leanúnach inár ngailearaithe sealadacha. Bíodh an t-eolas is déanaí agat fúthu - téigh isteach ar

www.carlowcountymuseum.ie

